

Cód Cleachtais



Cód Cleachtais idir EirGrid &
an tAire Comhshaoil, Oidhreachta
agus Rialtais Áitiúil



Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtas Áitiúil
Environment, Heritage and Local Government



An tSeirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta
Roinn Comhshaoil, Oidhreachta
agus Rialtais Áitiúil

Ríomhphost: nationalmonuments@environ.ie
www.archaeology.ie



Réamhrá an Aire

Fáiltimse, mar an tAire le cúram orm as ár n-oidhreacht thógtha agus nádúrtha, roimh an gCód Cleachtais seo idir mo Roinnse agus EirGrid.

Is acmhainn éigse agus léinn iad na fosuithe seandálaíochta, agus sonraí á dtabhairt acu dúinn ar féidir linn léargas a fháil ar an stair uathu ach iad a láimhsiú agus a léirmhíniú go cúramach. Is sócmhainn náisiúnta í

ár n-oidhreacht seandálaíochta, agus tá dualgas orainn go léir í a chosaint. De réir mar a ghintear sonraí agus léirmhíniú seandálaíochta is amhlaidh atá dualgas orainne dá bharr chun an t-eolas sin a scaipeadh.

Mar an t-oibreoir Margaidh sa chóras trádála leictreachais mhórdhála agus Oibreoir an Chórais Tarchurtha leictreachais neamhspleách in Éirinn is amhlaidh atá EirGrid tiomanta go hiomlán do chaomhnú ár n-oidhreacht seandálaíochta, agus léirítear é sin sna gealltanais arna gcomhaontú sa doiciméad seo ag an dá pháirtí. Tá sé sin ríthábhachtach i láthair na huaire, nuair atáthar i mbun cláir thógála mhóir d'fhonn an córas a fheabhsú agus cáilíocht an tsoláthair a chinntiú don tír amach anseo.

Táimse cinnte dearfa de gur féidir cúram agus bainistiú ár n-oidhreachta a fheabhsú go mór trí Chóid Chleachtais arna gcomhaontú idir mo Roinnse agus na heagraíochtaí siúd atá lárnach d'fhorbairt ár mbonneagair. Déantar foirmiúlú rathúil leis na Cóid sin ar na comhpháirtíochtaí atá de dhíth chun forbairt leanúnach a bhainistiú, agus an cúram agus an chosaint a theastaíonn ónár n-oidhreacht seandálaíochta luachmhar a thabhairt di.

Táimse buíoch do thiomantas EirGrid, trína nglacadh leis an gCód athbhreithnithe seo, don chaomhnú seandálaíochta agus don fhorbairt inbhuanaithe, ag féachaint d'éilimh ár n-oidhreachta seandálaíochta saibhre. Ina theannta sin is amhlaidh a chreidimse go mbainfear amach aidhmeanna an Chóid trí spiorad leanúnach na comhpháirtíochta agus na hiontaobhe frithpháirtí.

John Gormley T.D.,
An tAire Comhshaoil,
Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil,
Aibreán 2009.

Cód Cleachtais



Réamhrá le Príomhfheidhmeannach EirGrid

Is cúis áthais do EirGrid é bheith páirteach le Cód Cleachtas na Roinne Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, a léiríonn na prionsabail a chuirfear i bhfeidhm ar mhaithe le hoidhreacht seandálaíochta na hÉireann a chosaint, arna fhorbairt i gcomhar

leis an tSeirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta.

Is é EirGrid Oibreoir an Chórais Tarchurtha neamhspleách leictreachais in Éirinn agus an tOibreoir Margaidh sa chóras trádála mórdhíola leictreachais. Is é EirGrid atá freagrach faoi Airteagal 18 d'Ionstraim Reachtúil Uimh. 445 de 2000 as córas tarchurtha sábháilte, slán, iontaofa agus éifeachtúil a fhorbairt, ag féachaint go cuí don chomhshaoil. Is é EirGrid freisin atá freagrach as cead pleanála a fháil agus ceadanna slí a fháil i ndáil le forbairtí nua líonra tarchurtha ardvoltas (110/220/400kV) agus as a chinntiú go sásaítear gach éileamh réasúnta ar leictreachas.

Áirítear leis an gcóras tarchurtha tuairim agus 6,000 km de línte lasnairde agus cháblaí fothalún agus breis agus 100 stáisiún tarchurtha. Baintear leas as ardvoltas chun cailliúintí cumhachta a chosc, cailliúintí a tharlódh murach na hardvoltas nuair a bheifí ag aistriú cumhachta thar achair fhada ar chóras voltas ní b'ísle.

Lena chinntiú go sásóidh an córas tarchurtha na caighdeáin idirnáisiúnta i ndáil le soláthar leictreachais, tá clár mór tógála ar bun chun an córas a fhorbairt agus a threisiú. Tá tógáil línte, cábaí agus stáisiún dáilte nua, uasrátáil agus athchóiriú línte in éineacht le suiteáil gaireas cúitimh i gceist leis an obair seo.

Déantar foráil sa chlár infheistíochta d'fhás san éileamh ar leictreachas le blianta beaga anuas, agus don fhás atá tuartha amach anseo, agus do chomhtháthú acmhainní in-athnuaite isteach sa chóras.

Léirítear leis an gCód Cleachtas seo go bhfuil EirGrid lántiomanta do chinntiú go ndéantar na forbairtí sin ar bhealach atá íogair don chomhshaol, agus cosaint á thabhairt dár n-oidhreacht chultúrtha. Tá EirGrid ag súil le bheith ag obair leis an tSeirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta i ndáil le cosaint a thabhairt dár n-oidhreacht, faoi mar a chomhaontaítear sa Chód seo.

Dermot Byrne

Dermot Byrne
Príomhfheidhmeannach EirGrid



Cód Cleachtas

Cód Cleachtas arna chomhaontú idir EirGrid agus an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Is é cuspóir an Chóid seo ná creatlach a sholáthar laistigh den reachtaíocht, bheartas agus chleachtas atá ann le cur ar chumas EirGrid dul ar aghaidh lena chlár oibre laistigh de chreatlach beartais an Rialtais, agus maolú seandálaíochta iomchuí a dhéanamh ag féachaint go cuí do thacar prionsabal agus gníomhartha arna gcomhaontú idir an dá pháirtí.

Faigheann an Cód treoir ó na prionsabail chomhaontaithe seo a leanas:

1. Is ar an Aire atá cúram as cosaint na hoidhreachta seandálaíochta agus as cumhachtaí caomhnaithe a chleachtadh de réir Achtanna na Séadchomharthaí



Náisiúnta, 1930-2004, ag tógáil san áireamh an Coinbhinsiún Eorpach um Chosaint na hOidhreacht Seandálaíochta.

2. Is ar EirGrid féin atá freagracht as córas tarchurtha sábháilte, slán, iontaofa, eacnamúil agus éifeachtúil a fhorbairt, a chothabháil agus a fheidhmiú.
3. D'fhéadfadh impleachtaí seandálaíochta a bheith i gceist lena leithéid de líonra a fhorbairt, nach foláir aghaidh a thabhairt orthu toisc nach acmhainn in-athnuaite í an oidhreacht seandálaíochta.
4. Tabharfaidh EirGrid maoiniú le haghaidh chur chuige cothrom agus costéifeachtach i leith an fhiosraithe, na tochailte agus an mhaolaithe seandálaíochta mar ghné lárnach de chostais tionscadail an chláir um fhorbairt chórais tharchurtha ar bhunús an phrionsabail gurb é an forbróir a íocann as agus ag cloí le beartas sonraithe an Aire ina leith sin.
5. Forbrófar straitéisí iomchuí chun tionchair dhíreacha ar an tseandálaíocht a íoslaghdú, ag tógáil san áireamh impleachtaí sábháilteachta agus dearaidh an chórais tarchurtha, tionchair chomhshaoil agus tionchair agus costais eile.
6. Glactar le cur chuige na comhpháirtíochta idir EirGrid agus an tAire d'fhonn beartas an Rialtais a sheachadadh, ag tógáil na himpleachtaí don tseandálaíocht san áireamh.
7. Íoslaghdaíonn pleanáil le haghaidh maolaithe ag an tráth is luaithe an tionchar ar an oidhreacht seandálaíochta.

8. Beidh an tsirtheoireacht i gcomhair suíomhanna seandálaíochta agus iarsmaí eile dá leithéid seachas in imthosca eisceachtúla teoranta laistigh den atá limistéar i mbun forbartha.
9. Forchoimeádann gach páirtí an ceart chun cinní a athbhreithniú.
10. Tá an dá pháirtí tiomanta do phlé le himpleachtaí seandálaíochta an chórais tarchurtha ar bhealach cothrom, costéifeachtach a bheidh comhsheasmhach le:
 - a. *tosaigh go dtí tús na tógála*
 - b. *Comhlíonadh na dtionscadal laistigh den tráthchlár comhaontaithe*
 - c. *Leibhéal tochairte agus taifeadta do shuíomhanna seandálaíochta dá ndéantar dochar leis an bhforbairt don chóras tarchurtha, ar inghlactha don Aire é.*
11. Comhoibreoidh EirGrid agus an tAire le chéile lena chinntiú, chomh fada agus is féidir, go ndéantar fiosrú seandálaíochta iomchuí le linn na tréimhse idir aithint an bhealaigh agus tosú na tógála.
12. Aontaíonn an dá pháirtí ar fhoireann a bhunú le monatóireacht a dhéanamh ar fheidmiú an Chóid Chleachtas agus le hathbhreithniú foirmiúil a dhéanamh laistigh de bhliain amháin óna ghlacadh agus ag eatrainmh chomhaontaithe dá éis sin.

Déanfaidh EirGrid:

1. An comhairleoir seandálaíochta iomchuí a cheapadh, nó a cheapachán a chinntiú i gcomhair aon tionscadail tarchurtha óna dteastaíonn Ráiteas faoin Tionchair ar an gComhshaol.
2. Déanfaidh siad deimhin de go dtéann an seandálaí comhairleach i gcomhthadhaill le foireann dearaidh an tionscadail. Is é an seandálaí comhairleach a dhéanfaidh measúnú ar na roghanna bealaigh féideartha (nó roghanna suímh i gcás na bhfostáisiún tarchurtha), a thabharfaidh comhairle i ndáil leis an straitéis tógála agus ionchur i leith na forbartha maidir le bainistiú na seandálaíochta.
3. Fiosrú ar impleachtaí seandálaíochta na dtograí córais tarchurtha ag na céimeanna pleanála tosaigh d'fhonn féachaint le roghnú bealaigh a mhúnlú, lena chinntiú go dtugtar tábhacht leordhóthanach d'impleachtaí seandálaíochta in aithint an bhealaigh is fearr, agus féachaint leis an tionchar ar shuíomhanna seandálaíochta aitheanta nó limistéir de chumas seandálaíochta seanbhunaithe a íoslaghdú.



Cód Cleachtas

4. Éileamh gurb é/í seandálaí a bhfuil seantaithí aige/aici a bheidh ag plé leis an bpróiseas de thionchar féideartha na dtograí um chóras tarchurtha ar an seandálaíocht a aithint.
5. Rachaidh siad i gcomhairle leis an Aire (trí mheán Aonad na nIarratas Forbartha de chuid na Seirbhíse Séadchomharthaí Náisiúnta) ar feadh an phróisis dearaidh.
6. Sa chás nach féidir é a sheachaint, tochailt agus taifeadadh ar gach séadchomhartha aitheanta, suíomh seandálaíochta agus codanna díobh a d'fhéadfadh oibreacha tógála dul i bhfeidhm orthu, de réir na modheolaíochtaí comhaontaithe agus dóthain ama a ligean don taifeadadh sin chun sástacht an Aire.
7. An maoiniú riachtanach a sholáthar chun ceangaltas iarthochailte an Aire a chomhlíonadh lena n-áirítear caomhnú earraí seandálaíochta, soláthar anailísí eolaíochta agus dátú chomh maith le táirgeadh tuairiscí i leith gach saothair sheandálaíochta a dhéanfar le linn na céime MTC de chuid tionscadail éigin nó tógáil tionscadal faoi úinéireacht EirGrid ar chaighdeán a shásóidh an tAire.



Déanfaidh an tAire (tríd an tSeirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta de chuid na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil):

1. Freagra tráthúil a thabhairt ar chomhairlí ón seandálaí comhairleach.
2. Critéir mheasúnaithe a aontú chun críocha suíomhanna agus limistéir le cumas seandálaíochta a aithint, lena múnlófar méid an fhiosraithe seandálaíochta a rachfar ina bhun.
3. Ceadúnais a eisiúint do thochailtí seandálaíochta laistigh de 3 seachtaine ó iarratas a fháil.
4. Ceadanna a eisiúint atá de dhíth faoi Alt 14 d'Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 arna leasú ag Alt 5 d'Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta (Leasú) 2004, laistigh de 6 seachtaine ó iarratas a fháil. (Tabhair faoi deara: Áirítear le hAlt 14 gach obair a théann i bhfeidhm ar shéadchomharthaí náisiúnta agus ní hamháin tochairtí seandálaíochta).
5. Clár iomchuí a chomhaontú leis an seandálaí comhairleach don mhaolú seandálaíochta agus/nó trinseáil tástála agus córas do thochailtí, lena n-áireofar amscálaí molta.
6. Aontú gur leor stiúirthóir amháin chun suíomhanna a thochailt áit a mbeidh na suíomhanna i gceist mar chuid de chomhbhraisle suíomhanna scoite, comhtheagmhálach nó cóngarach go maith dá chéile ag féachaint go cuí do mholtaí an tseandálaí chomhairligh.

7. An nós imeachta comhairliúcháin a fheidhmíonn EirGrid a thapú le linn na roghanna bealaigh, agus optamú an phróisis don bhealach is fearr, d'fhonn impleachtaí seandálaíochta a aithint chun críche an próiseas roghnaithe bealaigh a mhúnlú.
8. Sonrú ar fhormaid agus chaighdeáin na dtuairiscí nach foláir a thabhairt isteach.
9. Socrú le haghaidh athbhreithniú cleachtas agus ceangaltas a bhaineann le hullmhú na dtuairiscí iar-thochailte.

